

Dún Uabhair

1.0 Comhthéacs/Carachtar an tSráidbhaile

Tá Dún Uabhair suite i dtreo oirthuaisceart Chontae na Mí, an-ghar don teorainn le Contae Lú. Tá an sráidbhaile suite thart ar 4km ó Dhroichead Átha. Tá acomhal leis an mótarbhealach M1, arb é an phríomhchonair bóthair idir Bhaile Átha Cliath agus Béal Feirste é, 2km thaobh thoir den sráidbhaile. Tá an sráidbhaile dírithe ar Eaglais agus Teach Paróiste Mhuire ó lár an 19^ú hAois.

Tá Dún Uabhair suite laistigh de chrios maolánach Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne atá ar cheann den dá láithreán oidhreachta domhanda atá sa Stát faoi láthair. Dá bhrí sin, tá an sráidbhaile suite i suíomh tírdhreacha atá an-íogair ar fad laistigh de Ghleann na Bóinne. Tá feidhm, ról agus méid foriomlán an tsráidbhaile sainnithe den chuid is mó ag a ghaireacht do cheantair uirbeacha mháguaird, Droichead Átha go sonrach.

Áit san Ordlathas Ionanníochta	Sráidbhaile		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	339	347	Méadú 2.3% ar dhaonra
Croístraitéis Leithdháileadh Teaghlaigh	50 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	4		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	261		
Saoráidí Oideachais	Scoil Náisiúnta Dhún Uabhair.		
Saoráidí Pobail	Eaglais, Halla Paróiste, teach tábhairne agus bialann Uí Dhálaigh, siopaí agus cógaslann.		
Limistéar Comhaontais Ailtireachta	Níl ach tá sé laistigh de Chrios Maolánach Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne		
Déanmhais Chosanta	RPS MH020-112 Teach Scoite RPS MH020-113 Teach Paróiste Dhún Uabhair RPS MH020-114 Eaglais Chaitliceach Rómhánach Mhuire		
Toilleadh Bonneagair	Scéim Soláthar Uisce Oirthear na Mí/Ionad Cóireála Uisce Steach Luíne- Toilleadh ar Fáil. Ionad Cóireála Uisce Dhún Uabhair- Toilleadh ar Fáil.		
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Níl ann dó. Taobh amuigh de Chriosanna Tuile A agus B a aithnítear. Cuir beartais um Bainistíocht Priacal Tuile i bhfeidhm i gcomhréir le hImleabhar a hAon den PFC.		
Láithreáin Natura 2000	Níl aon cheann ann – is é LCS na Bóinne agus na hAbhann Duibhe an suíomh is gaire, thart ar 2km taobh thoir thuaidh den sráidbhaile.		
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Tá crios Acmhainneachta Seandálaíochta in aice leis an Sráidbhaile.		

2.0 Fís

An fhís atá ann d'fhorbairt an tsráidbhaile thar shaolré an Phlean Forbartha ná an sráidbhaile a chomhdhlúthú agus a neartú, trí limistéar dea-shainithe lár an bhaile, chomh maith le réimse úsáidí talún chun tacú leis an bpobal cónaithe, a sholáthar. Aithnítear freisin a ról mar 'Lárionad Seirbhíse' áise don cheantar áitiúil máguaird agus go bhfuil sé ina nód tábhachtach ar an 'mBealach Turasóireachta; a cheanglaíonn Ionad Chuartheoirí 'Chath na Bóinne, atá suite ag an Seandroichead, le hIonad Chuartheoirí Bhrú na Bóinne. Freastalófar ar fhorbairt incriminteach agus orgánach ag díriú ar láithreáin athfhorbraíochta/inlíonta thar shaolré an Phlean Forbartha agus cinnteofar ag an am céanna nach mbeadh drochthionchar aici ar chomhthéacs ná ar shuíomh Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne

3.0 Deiseanna

Ag cur gaireacht Dhún Uabhair don Mhótarbhealach M1 agus do mhórcheantar uirbeach Dhroichead Átha san áireamh, in éineacht lena shuíomh deas ó thaobh an tírdhreacha de, is dóigh go mbeidh brú suntasach forbartha air sa todhchaí. D'ainneoin sin, áfach, beidh forbairt cónaithe sa sráidbhaile amach anseo réasúnta agus léireoidh sí fás nádúrtha amháin, i gcomhréir lena stádas mar Shráidbhaile in ordlathas lonnaíochta an chontae agus mar gheall ar a shuíomh laistigh de chrios maolánach Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne, agus a ghaireacht do láithreáin Chath na Bóinne. Os a choinne sin, cuireann suíomh an tsráidbhaile laistigh de chrios maolánach an Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA deiseanna tráchtála agus turasóireachta ar fáil ar ceart leas a bhaint astu agus iad a chur chun cinn.

4.0 Straitéis Talamhúsáide

Is é an straitéis talamhúsáide ná fás nádúrtha agus incriminteach an tsráidbhaile a éascú le linn thréimhse an Phlean. Ba cheart aon fhorbairt nua a dhearadh ar bhealach tuisceanach chun suíomh Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne agus carachtar an tsráidbhaile a chosaint.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Ar an bhforbairt cónaithe sa sráidbhaile, tá 3 fhorbairt tithíochta a bhfuil tithe iolracha iontu agus roinnt áitribh scoite a dearadh astu féin. Tá cúpla láithreán folamh sa sráidbhaile. Trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha leithdháileadh tithíochta na Croístraitéise (i.e. 45), feictear go bhfuil talamh leordhóthanach criosaithe le haghaidh forbairt cónaithe chun freastal ar riachtanais chónaithe le linn shaolré an Phlean.

4.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht (miondíol san áireamh)

Meastar go bhfuil leibhéal iomchuí soláthar miondíola agus tráchtála ag Dún Uabhair maidir lena háit in ordlathas Miondíola an Chontae (Lárionad Miondíola Leibhéal 5). (É sin ráite, tá acmhainneacht ann fós maidir le gnó a bhaineann leis an turasóireacht a sholáthar, go háirithe mar gheall go bhfuil sé suite ag acomhal líon suntasaigh bealaí a fhreastalaíonn ar na nithe suntasacha is díol spéise oidhreachta agus turasóireachta idirnáisiúnta ar feadh na coda seo de Ghleann na Bóinne, go príomha Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne, na príomhláithreáin 'Chath na Bóinne' agus Glasbhealach Loingseoireachta na Bóinne atá athchóirithe i bpáirt agus Glasbhealach Dhroichead Átha na Bóinne a ghabhann leis. Tá an-deis ann do shráidbhaile Dhún Uabhair chun leanúint air ag feidhmiú mar thairseach agus bunáit thábhachtach do ghníomhaíochtaí turasóireachta sa cheantar. Aithníonn an tÚdarás Áitiúil freisin go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag Dún Uabhair maidir le saoráidí breise turasóireachta agus cultúrtha a fhorbairt, amhail cóiríocht agus siamsaíocht, chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an bpoitínseal atá ag an ainmniú

oidhreachta cultúrtha agus an ceantar sainiúlachta aitiúla. Tá tailte criosaithe le haghaidh úsáid B1 'Lár an tSráidbhaile' a d'fhéadfadh freastal ar thairiscint fheabhsaithe tráchtála/turasóireachta agus cur le lár inaitheanta an tsráidbhaile.

4.3 Bonneagar

Freastalaíonn Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhún Uabhair ar an sráidbhaile. Faightear soláthar uisce an tsráidbhaile ó Scéim Soláthar Uisce Oirthear na Mí / Ionad Cóireála Uisce Steach Luíne. Ta toilleadh ann maidir le soláthar uisce agus cóireáil fuíolluisce araon.

4.4 Gluaiseacht

Tá gluaiseacht agus rochtain sa sráidbhaile dírithe ar feadh na 'príomhshráide' (Bóthar Bhaile Shláine / Steach Luíne). Níl mórán naisc do choisithe / rothaithe seachas an phríomhshráid. Is tábhachtach gluaiseacht coisithe agus rothaithe tríd an gceantar a fheabhsú agus trácht feithicle a théann tríd an sráidbhaile a láimhseáil. Chun na gcríoch sin, i measc na feabhsuithe timpeallachta atá molta don sráidbhaile, tá trasrian do choisithe a thógáil, cosáin atá ann sa sráidbhaile cheana féin a mhéadú, rotharbhealaí a fhorbairt agus dromchla uigeachta, pábháil thadhlaigh agus mairc fheabhsaithe do rothaithe, do choisithe agus do thrácht feithicil a úsáid.

Maidir leis an soláthar iompair phoiblí, freastalaíonn bealach 163 de chuid Bhus Éireann, a théann idir Droichead Átha agus Ionad Chuairteoirí Bhrú na Bóinne, ar Dhún Uabhair. Is é stáisiún traenach Dhroichead Átha, thart ar 6 chiliméadar ar shiúl, an stáisiún traenach is gaire.

4.5 An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

Ta trí fhoirgneamh a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leo ainmnithe ina nDéanmhais Chosanta i nDún Uabhair; Eaglais Chaitliceach Rómhánach Mhuire, Teach Paróiste Dhún Uabhair agus teach scoite taobh thiar thuaidh d'Eaglais Mhuire ar an taobh eile den bhóthar. Sna ceantair mháguaird ar an sráidbhaile, tá sócmhainní suntasacha cultúir agus oidhreachta, cuid mhaith acu a dhearbhaíonn stair mheánaoiseach an cheantair.

Mar a luaitear thuas, tá Dún Uabhair suite i dtírdhreach an-íogair i nGleann na Bóinne agus laistigh de chrios maolánach Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne.

Níl aon láithreán Natura 2000 laistigh den sráidbhaile; ach tá Abhainn na Bóinne agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta na hAbhann Duibhe in aice láimhe. Tá roinnt grúpaí suntasacha crann sa sráidbhaile ar feadh na bpríomhbhóithre.

4.6 Bonneagar Glas

Tá roinnt tréithe suntasacha timpeallachta i gceantar Dhún Uabhair, go háirithe Gleann Abhainn na Bóinne agus na cnoic dhroimneacha thart timpeall ar a bruacha, 'An Mullach Rua' taobh ó dheas agus 'Cnoc Dhún Uabhair' taobh ó thuaidh go sonrach. Mar sin féin, tá easpa saoráidí áineasa ghníomhaigh ag an sráidbhaile féin, amháin líonraí síuil nó spás oscailte gníomhach chun an leas a bhaintear as sochmhainní, suíomhanna agus radhairc timpeallachta nádúrtha agus saorga a íosmhéadú. Cé go bhfuil roinnt limistéir spáis oscailte laistigh d'fhorbraíochtaí tithíochta, níl áiteanna súgartha páistí ná saoráidí uile-aimsire mar chuid díobh. Níl ach luach beag taitneamhachta ag baint leo agus tá limistéir spáis oscailte níos mó a bhfuil feidhm ag baint leis ag teastáil ón sráidbhaile.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá bonneagar sóisialta an tsráidbhaile teoranta agus ar an mbonneagar sin tá scoil, eaglais, reilig agus halla paróiste. Cuireadh síneadh leis an scoil le déanaí chun foráil a dhéanamh do sheomraí ranga nua agus halla ilchuspóireach. Braitheann an tsráidbhaile go mó ar shaoráidí lasmuigh den lonnaíocht, go háirithe na saoráidí siúd i nDroichead Átha, mar gheall ar a bhfoisceacht. Bheadh tairbhe le baint as bonneagar sóisialta an tsráidbhaile a fheabhsú, lena n-áireofaí limistéar spáis oscailte a bhfuil feidhm ag baint leis a sholáthar, mar a luaitear thuas, in éineacht le naisc do rothaithe/choisithe a fheabhsú. Creideann an Chomhairle go bhfuil dóthain tailte ar fáil do bhonneagar sóisialta/pobail chun freastal ar dhaonraí an lae inniu agus na todhchaí le linn shaolré an Phlean Forbartha.

4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Ta pointe fócasach nádúrtha ag an tsráidbhaile ag achomhal Bhóthar Bhaile Shláine/Steach Luíne agus Bóthar Dhamhliag, agus cuireann an foirgneamh tráchtála ansin leis an bpointe fócasach sin. Coimeádann croí an tsráidbhaile carachtar tsráidbhaile tuaithe / ísealdlúis cé go bhfuil níos mó de charachtar fo-uirbeach ag imeall an tsráidbhaile. Ba inmhianaithe é go bhfeabhsófaí an réimse poiblí agus an sráid-dreach chun carachtar lárnach an tsráidbhaile a fheabhsú, chomh maith le cuma an tsráidbhaile. Cuirfidh an Chomhairle réitigh ailtireachta dea-dheartha agus an-tomhaiste chun cinn ar aon fhorbairt beartaithe laistigh de lár an tsráidbhaile chun cur le híomhá agus cuma an cheantair agus carachtar an cheantair, shuíomh Ghleann na Bóinne agus Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne a chosaint.

5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Baile/Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle

Lonnaíocht agus Tithíocht

BEA DÚUA 1	Forbairt Dhún Uabhair mar dhlúthlonnaíocht amach anseo a chur chun cinn, forbairt a spreagadh a chomhdhlúthóidh carachtar suaithinseach an tsráidbhaile, agus a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh caighdeán timpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile, agus a fhreastalóidh ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil ag an am céanna agus a chinntiú nach mbeidh drochthionchar ar chomhthéacs ná suíomh Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne.
------------	--

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS DÚUA 1	Cur i bhfeidhm Croístraitéis Phlean Forbartha an Chontae a chinntiú, sa mhéid is indéanta, trína chinntiú nach sárófaí an leithdháileadh teaghlaigh do Dhún Uabhair mar a leagtar amach é i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUS DÚUA 2	Tacú le forbairt cónaithe ar thailte tearcúsáide agus/nó tailte folmha, lena n-áireofaí láithreáin ‘inlíonta’ agus láithreáin ‘athfhorbraíochta’, agus í a spreagadh, faoi réir ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a bheith bainte amach.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS DÚUA 3	Leanúint de shráidbhaile Dhún Uabhair a chur chun cinn mar lárionad tábhachtach turasóireachta sa cheantar máguaird agus suíomh an tsráidbhaile in aice le nithe suntasacha is díol spéise oidhreachta agus turasóireachta idirnáisiúnta ar feadh na coda seo de Ghleann na Bóinne, go príomha Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne a spreagadh, a éascú agus leas a bhaint as.
CUS DÚUA 4	Obair i gcomhar leis an bpobal áitiúil agus gach páirtí leasmhar eile chun an turasóireacht a chur chun cinn agus forbairt saoráidí agus fiontar a bhaineann leis an turasóireacht i nDún Uabhair a bhaint amach.

Bonneagar

CUS DÚUA 5	Teagmháil a dhéanamh le hUisce Éireann agus tacú leo maidir le seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar chun freastal ar riachtanais forbartha an tsráidbhaile le linn thréimhse an Phlean.
CUS DÚUA 6	An priacal tuilte agus an fhorbairt a bhainistiú i gcomhréir leis an Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile. (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chúí agus Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile).

Gluaiseacht

CUS DÚUA 7	Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le háiteanna breise páirceála agus limistéar tuirlingthe bus ag a mbeadh scáthlán sa sráidbhaile.
CUS DÚUA 8	Tacú le nasc do choisithe/rothaithe a sholáthar idir Bóthar Bhail Shláine/Steach Luíne agus Bóthar Dhamhliag.
CUS DÚUA 9	A chinntiú go soláthrófaí trasrian do choisithe laistigh de chroílímistéar an tsráidbhaile.

CUS DÚUA 10	Féachaint chuige go gcuirfí i gcoinne úsáid ghréasán bóithre an tsráidbhaile ag Feithiclí Earraí Troma (HGVanna) in éineacht le bearta moillithe tráchtá agus feabhsuithe timpeallachta eile.
CUS DÚUA 11	Féachaint chuige go soláthrófaí saoráid pháirceála carranna in aice leis an Scoil Náisiúnta chun freastal ar riachtanais bailithe agus fágála na Scoile.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS DÚUA 12	Suíomh agus luach taitneamhachta amhairc Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne agus carachtar tírdhreacha ardchaighdeáin Ghleann na Bóinne a chosaint trí aon fhorbairt amach anseo ag a mbeadh drochthionchar ar a gcosaint nó ar a gcaomhnú leanúnach, ar a suíomh nó ar a luach taitneamhachta ó thaobh amhairc de a rialú go docht.
CUS DÚUA 13	Iníúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht an tsráidbhaile a bheith mar mhol áitiúil do rochtain ar limistéir Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne / Chath na Bóinne le bealaí siúil / rothaíochta idir an sráidbhaile agus na saoráidí sin agus ar aghaidh go Droichead Átha.
CUS DÚUA 14	Luach taitneamhachta amhairc ionad amhairc ainmnithe, mar a aithnítear ar an léarscáil criosaithe talamhúsáide iad, a chosaint.
CUS DÚUA 15	Na droimlínte a aibhsíonn radhairc laistigh de Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne agus uaidh a chosaint ó fhorbairt a bheadh míchuí nó a chuirfeadh isteach ar an amharc.
CUS DÚUA 16	Grúpaí crann agus fála scean a choimeád mar a aithnítear iad ar an léarscáil criosaithe talamhúsáide, lena n-áireofaí: os comhair na scoile náisiúnta; os comhair na hEaglaise; ar an taobh ó dheas de Bhóthar Bhaile Shláine/Steach Luíne; ar chúl an déanmhais chosanta ar an taobh thuaidh den acomhal idir Bóthar Dhroichead Átha/an Mhullaigh Rua agus Bóthar Bhaile Shláine/Steach Luíne agus ar an taobh ó thuaidh de Bhóthar Dhroichead Átha/an Mhullaigh Rua.

Sóisialta

CUS DÚUA 17	Soláthar áit súgartha pobail sa sráidbhaile a éascú.
-------------	--

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS DÚUA 18	Suíomh tírdhreacha na séadchomharthaí náisiúnta laistigh de Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne a chosaint trína éileamh go mbeadh gach togra forbartha a mbeadh forbairt úsáide measctha, tráchtála nó cónaithe ilaonaid mar chuid de laistigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile faoi réir Measúnachta Tionchair Físiúil. Ba cheart go mbeadh Ráiteas Dearaidh agus Ráiteas Tionchair Físiúil ag a mbeadh fótamontáisi nó ábhar 3T comhchosúil in éineacht le tograí forbartha den chineál sin chun cabhrú leis an gComhairle a chinneadh an mbeadh aon tionchar físiúil ar
-------------	---

charachtar an tsráidbhaile nó ar 'Chroícheantar' Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne. Go háirithe, ba cheart go mbeadh fótamontáisí suite chun go léireoidís an tionchar físiúil, más ann dó, a d'fhéadfadh a bheith ag aon fhorbairt bheartaithe ar shuíomh Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne chun go seachnófaí aon tionchar míchuí nó inseachanta ar chaighdeán na timpeallachta. Is gnách nach molfar forbairtí níos airde ná dhá urlár.

CUS DÚUA 19

Feabhsú bóithre isteach, bealaí isteach/amach, sráideanna agus carachtar ginearálta an tsráidbhaile i nDún Uabhair a chur chun cinn chun carachtar an tsráidbhaile a shainiú ar bhealach níos fearr agus timpeallacht óstaigh ardchaighdeáin a chur chun cinn chun a ról mar lárionad turasoíreachta don cheantar máguaird a éascú.

CUS DÚUA 20

Oibreacha feabhsuithe ar an ríocht phoiblí sa sráidbhaile a éascú, ag díriú ar rotharbhealaí a fhorbairt agus dromchla uigeachta, pábháil thadhlaigh (nach mbeadh ceannas ag tarramhacadam uirthi) agus mairc fheabhsaithe do rothaithe, do choisithe agus do thrácht feithiclí a úsáid. Ba inmhianaithe é pailéad troscáin sráide a chruthú chun suíomh ríochta feabhsaithe poiblí a bhaint amach sa sráidbhaile.

CUS DÚUA 21

Freastal ar athúsáid, athfhorbairt agus athnuachan oiriúnach láithreáin agus foirgneamh tréigthe i nDún Uabhair.

CUS DÚUA 22

Athúsáid na dteachíní 'Coiteora' agus 'Saothraithe' ón 18^ú agus ón 19^ú hAois atá fágtha sa sráidbhaile a spreagadh.